QQI
Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

CLÁR

	LCH.
AN tÚDARÁS FÉIN	3
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	4-10
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH	11-14
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	15
RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA	16
RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH	17
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS	18
RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID	19
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	20 - 38

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

AN tÚDARÁS FÉIN

Seoladh an Údaráis: 26/27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2

An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin:

An Dr Padraig Walsh Príomhfheidhmeannach
An Dr. Anna Murphy - Comhairleoir Sinsearach Straitéise
Dr. Bryan Maguire - Stiúrthóir um Dhearbhú Cáilíochta
Mr. Ultan Tuite - Stiúrthóir Rialachais agus TFC (ar scor ón 15 Aibreán 2017)
Ms. Barbara Kelly - Stiúrthóir Cáilíochtaí
Ms. Karena Maguire - Ceannasaí na Teagmhála le Páirtithe Leasmhara (le héifeacht ó 7 Aibreán 2017)
Mr. Eamonn Collins - Stiúrthóir AD, Teagmháil le Fostaithe & Airgeadais (le héifeacht ó 7 Aibreán 2017)

Comhaltaí an Bhoird:

Mr. Gordon Clark – Cathaoirleach (Deireadh lena bhallraíocht ar an 5 Samhain 2017)
An Dr. Barbara Brittingham (Athcheaptha an 6 Samhain 2017)
Ms. Una Buckley (Deireadh lena bhallraíocht ar an 5 Samhain 2017)
Mr Thomas McDermott (Athcheaptha 6 Samhain 2017)
Ms Mary Danagher (Athcheaptha 6 Samhain 2017)
An Dr Ann Louise Gilligan (Bhásaigh ar an 15 Meitheamh 2017)
Ms Joanne Harmon (Athcheaptha 6 Samhain 2017)
Ms. Una Buckley (Deireadh lena bhallraíocht ar an 5 Samhain 2017)
Ms. Jack Leahy (Deireadh lena bhallraíocht ar an 30 Meitheamh 2017)
Mr. Oisín Hassan (ainmniúchán an USI) (Ceaptha 21 Iúil 2017, athcheaptha 6 Samhain 2017)
An Dr Padraig Walsh – Príomhfheidhmeannach

Banc:

A.I.B.
1 Sráid Bhagóid Íocht.
Baile Átha Cliath 2.

Dlíodóirí:

Brian Whitaker & Co Solicitors
4 Plás Dartmouth
Baile Átha Cliath 6.

Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3a Sráid an Mhéara Uacht.
Baile Átha Cliath 1.

Suíomh gréasáin: www.qqi.ie

RIALACHAS

Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 9 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá cúram air as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíontar an fheidhm seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha gnó a dhéanamh ar gach príomh-shaincheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Fheidhmeach Bainistíochta cloí leis an treo ginearálta straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord, agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fheádfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

CÚRAM AN BHOIRD

Tá obair agus cúraimí an Bhoird leagtha amach i Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta, ina bhfuil nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh an Bhoird. Ar na buan-nithe a bhreithníonn an Bord tá:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Ceanglaíonn Alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 ar Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann gach gnáthchuntas agus cuntas ceart a choimeád ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé agus iad a ullmhú i bhfoirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar ar Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó,
- a rá cibé ar cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith a stádas airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Tá an Bord freagrach, leis, as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déanann an Bord measúnú ar fheidhmíocht Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil ag gach cruinniú den bhord.

Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as sin bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird gur léiriú fíor cothrom ar fheidhmiú airgeadais agus ar staid airgeadais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ag 31 Nollaig 2017 atá i ráitis airgeadais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Is iad comhaltaí an Bhoird Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach (comhalta *ex officio)* agus cúigear ghnáthchomhalta, arna gceapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Ceaptar comhaltaí an Bhoird go ceann tréimhse cúig bliana agus bíonn cúig chruinniú ar a laghad sa bhliain acu. Gheofar sa tábla thíos sonraí na tréimhse ceapacháin i gcás na gcomhaltaí reatha:

Comhaltaí den Bhord	Ról	An dáta a ceapadh
Folamh	Cathaoirleach:	N/bh
Barbara Brittingham	Gnáthchomhalta	6 Samhain 2017
Mary Danagher	Gnáthchomhalta	6 Samhain 2017
Joanne Harmon	Gnáthchomhalta	6 Samhain 2017
Oisín Hassan	Gnáthchomhalta	6 Samhain 2017
Thomas McDermott	Gnáthchomhalta	6 Samhain 2017
Padraig Walsh	Príomhfheidhmeannach	6 Samhain 2012

Rinne an Bord measúnú inmheánach in 2018 ar a éifeachtaí a bhí an Bord in 2017. Éascaitheoir seachtrach a rinne an measúnú maidir le 2016.

Tá sé choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

1. **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** comhdhéanta de bheirt chomhalta den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go bhfuil na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchta ina measc, faoi mhonatóireacht atá gníomhach agus neamhspleách. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Is iad baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Thomas McDermott (Cathaoirleach), James Moore (go dtí an 5 Samhain 2017), Tony Mealy (ón 10 Feabhra 2017). Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2017.

2. **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** comhdhéanta de bheirt chomhalta den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin. Is é gnó an Choiste um Beartais agus Caighdeáin a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta; féadfaidh sé mionathruithe ar bheartais a aontú, nó a tharchur chuig an mBord. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhormhuiniú.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: James Moore (Cathaoirleach) (go dtí an 4 Meán Fómhair 2017), Ann Louise Gilligan (go dtí an 15 Meitheamh 2017) Joanne Harmon, Lucien Bollaert, Bryan Fields (ón 8 Samhain 2017), Ewart Keep, Barbara Kelly, Daire Keogh (ón 28 Aibreán 2017), Catherine MacEnri (go dtí an 29 Meitheamh 2017), Bryan Maguire, Aidan Mulkeen (go dtí an 19 Márta 2017) agus Ann Marie Ryan. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2017.

3. **Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí** comhdhéanta de chomhalta amháin den Bhord agus seachtar comhaltaí feidhmiúcháin. Is é príomhchuspóir an Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh a mhéad is gá chun a chinntiú go n-aithnítear ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí na cláir agus na dámhachtainí a leanann astú agus go bhfuil siad cuí agus comhsheasmhach. Is é a bhuntacaíonn le cinntí agus moltaí an Choiste saineolas agus moltaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann .

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Padraig Walsh (Cathaoirleach), Barbara Kelly, Angela Lambkin, Bryan Maguire, Karena Maguire, John O'Connor, Deirdre Stritch, Róisín Sweeney (ón 19 Iúil 2017), Andrina Wafer. Bhí deich gcruinniú ag an gcoiste in 2017.

4. **Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí** comhdhéanta de bheirt chomhalta den Bhord agus seachtar comhaltaí eile. Is é cuspóir an Choiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD) athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí, agus comhairle agus moltaí a chur ar fáil dá réir don Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí maidir le comhlíonadh a chuspóra. Deimhníonn sé cinntí a tharchuireann an Coiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí chuige, nó tarchuirtear siar iad, de réir mar is cuí.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Barbara Brittingham (Cathaoirleach), Mary Danagher, Ken Carroll (ón 22 Bealtaine 2017), Liz Carroll, Maureen Conway, Peter Cullen, Sarah Ingle (go dtí an 9 Aibreán 2017), Paul Lyons (ón 22 Bealtaine 2017), Anne Mangan agus John D. Mulcahy. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2017.

5. **Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe** comhdhéanta de bheirt chomhalta den Bhord agus seachtar comhaltaí eile. Is é cuspóir an Choiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh a mhéad is gá le cinntiú go gcomhlíonann soláthraithe, dá dtugtar fáil ar dhearbhú seachtrach cáilíochta, an Marc Idirnáisiúnta Oideachais agus údarás tarmligthe, agus go gcomhlíonann siad i gcónaí, na critéir ghaolmhara.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Una Buckley (go dtí an 2 Samhain 2017), Jack Leahy (go dtí an 30 Meitheamh 2017) / Oisín Hassan (ón 22 Meán Fómhair 2017), Kevin Ryan (Cathaoirleach), Maurice Buckley (go dtí an 23 Feabhra 2017), Colette Harrison, Marie Kehoe-O'Sullivan, Martin Lyes agus Mary Sheridan (ón 10 Bealtaine 2017). Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2017.

6. **Coiste Acmhainní Daonna agus Eagraíochta** comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Bhord. Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagraíochta athneartú a dhéanamh ar rialachas agus maoirseacht na heagraíochta sna réimsí seo.

   Is iad comhaltaí an choiste seo: Gordon Clark (go dtí an 5 Samhain 2017), Joanne Harmon (ón 7 Aibreán 2017), Mary Danagher (ón 7 Aibreán 2017) agus Una Buckley (go dtí an 5 Samhain 2017). Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2017.

SCEIDEAL TINRIMH, TÁILLÍ AGUS COSTAS

Gheofar thíos sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe coiste in 2017, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

	Bord**	ARC*	PSC*	PAEC*	PAOC*	A&RC*	HR&OC*	Táillí 2017	Costais 2017
IOMLÁN	**7**	**4**	**4**	**10**	**4**	**4**	**4**		
Gordon Clark	7						4	N/bh	28
Barbara Brittingham	6				4			N/bh	7,462
Una Buckley	6					2	3	N/bh	26
Mary Danagher	7				2		4	N/bh	5,732
Ann Louise Gilligan ***	1		-					N/bh	-
Joanne Harmon	7		2				4	N/bh	5,038
Oisín Hassan ****	2					0		N/bh	-
Jack Leahy ****	2					0		N/bh	-
Thomas McDermott	7	4						N/bh	1,246
James Moore	6	3	3					N/bh	1,051
									20,583

Ní íoctar táillí Boird le Comhaltaí de Bhord c.

ARC* An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
* PSC: An Coiste um Beartais agus Caighdeáin
* PAEC: Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí
* PAOC: An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí
* A&RC: An Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe
* HR&PC Coiste Acmhainní Daonna agus Eagraíochta

** In 2017, tionóladh dhá chruinniú neamhchorpartha den Bhord.
*** Ní raibh ar chumas Ann Louise a bheith i láthair tar éis Chruinniú Feabhra 2017 den Bhord de dheasca tinnis, agus bhásaigh sí i Meitheamh 2017
**** Ionadaithe Aontas na Mac Léinn – Tháinig ballraíocht J. Leahy chun deiridh i Meitheamh 2017, cuireadh tús le ballraíocht O. Hassan in Iúil 2017.

PRÍOMHATHRUITHE AR AN BPEARSANRA

Cailleadh comhalta amháin den Bhord le linn a dtéarma ballraíocht i lár 2017. Chríochnaigh triúr comhaltaí den Bhord (an Cathaoirleach san áireamh) a dtéarmaí ballraíochta i Samhain 2017. De réir an Achta um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 2012, is é an tAire Oideachais agus Scileanna a dhéanfaidh na ceapacháin. Fógraíodh na ceithre fholúntas tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus cuireadh gearrliosta iarrthóirí ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna lena mbreithniú ag an Aire. Tar éis cheadú an Aire a fháil, ceapadh Ms. I. Sheridan, Ms. A Walsh, Mr. B. Hodkinson agus Ms. N. O'Reilly ar Bhord Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann ar an 13 Márta 2018.

Chuaigh Mr. Ultan Tuite, Stiúrthóir Rialachais agus TFC ar scor ón 15 Aibreán 2017.

NOCHTUITHE IS GÁ FAOIN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i Lúnasa 2016. Is gá na nithe seo a leanas a nochtadh, de réir an chóid:

MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

Tá breis is €60,000 de shochair ghearrthéarmacha fostaithe leagtha amach i nóta 6 de na ráitis bhliantúla airgeadais.

COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear air feidhmeanna asfhoinsithe'gnó mar is gnách'.

	2017 €	2016 €
Comhairle dlí	30,258	23,509
Comhairle achtúireach	2,460	2,460
Comhairle ó shuirbhéir cairte	32,903	-
Comhairle Acmhainní Daonna,	28,181	3,391
Staidéar ar thionchar an chreata náisiúnta	28,575	-
An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn	68,461	8,683
Iomlán na gcostas sainchomhairleoireachta	**190,838**	**38,043**
Costais saincomhairleoireachta caipitlithe	-	-
Costais saincomhairleoireachta a gearradh ar an gCoiste Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncam Forchoimeádta	190,838	**38,043**
Iomlán	**190,838**	**38,043**

COSTAIS DLÍ AGUS RÉITIGH

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, réitigh agus imeachtaí réitigh agus eadrána maidir le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear air caiteachas a tabhaíodh maidir le gnáthchomhairle dlí a fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, a nochtar i gcostais sainchomhairleoireachta thuas.

	2017 €	2016 €
Táillí dlí - imeachtaí dlí	24,569	13,956
Íocaíochtaí réitigh agus eadrána	-	-
Réitigh	36,500	-
Iomlán	**61,069**	**13,956**

Baineann an €24,569 le hathbhreithniú breithiúnach ar Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. €36,500 d'íocaíocht cnapshuime pinsin a bhí sa réiteach. Tá sé san áireamh i gcostais foirne i nóta 6 sna ráitis airgeadais.

COSTAIS TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Déantar caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2017 €	2016 €
Intíre		
- Bord*	12,950	11,169
- Fostaithe	37,934	31,635
Idirnáisiúnta		
- Bord	7,633	7,431
- Fostaithe	36,868	70,944
Iomlán	**95,385**	**121,179**

* áirítear air costais taistil agus cothabhála a íocadh de €8,106 a íocadh go díreach le comhaltaí den Bhord in 2017 (2016: €6,297). Baineann an t-iarmhéid de €12,477 (2016: €12,303) le caiteachas a d'íoc Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann thar ceann chomhaltaí an Bhoird.

CAITEACHAS AR FHÁILTEACHAS

Áirítear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2017 €	2016 €
Fáilteachas foirne	8,092	8,238
Fáilteachas an Bhoird	2,583	76
Iomlán	**10,675**	**8,314**

RÁITEAS UM CHOMHLÍONADH

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid sin a chinntiú. Chomhlíon Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, a bheag nó a mhór, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2017.

_____ **Dáta:**

Blake Hodkinson
Comhalta den Bhord

_____ **Dáta:**

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

RAON NA FREAGRACHTA

Tharr ceann chomhaltaí Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann admhaím an fhreagracht atá orainn as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath go tráthúil.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá bearta déanta ag an mBord d'fhonn timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí:

- Cruinnithe rialta a sceidealú ag ar cuireadh tuairiscí rialta nuashonruithe ar chaiteachas ar fáil don Bhord;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú. Áirítear ar a théarmaí tagartha córais a chinntiú trína ndéanfar rialú inmheánach airgeadais a oibriú agus fheabhsú go leanúnach;
- Freagrachtaí bainisteoirí a shainiú go soiléir, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis sin;
- Monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas;
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh, atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ghlacadh, lena n-áirítear
    - Comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair mar atá leagtha amach sa Chód a dhearbhú.
    - Comhlíonadh dhiúscairt sócmhainní agus rochtain tríú páirtithe ar shócmhainní, mar atá leagtha amach sa Chód, a dhearbhú.
    - Athbhreithniú agus críochnú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trína gcinntítear go bhfuil éifeacht leis na córais um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú.
    - Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

AN CUMAS CHUN RIOSCA A BHAINISTIÚ

Tá próisis bunaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun rioscaí airgeadais agus rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas, trí:

- Nádúr agus méid na rioscaí airgeadais atá os comhair an Bhoird a shainaithint.
- A dhóchúla atá sé go bhfíorófaí rioscaí sainaitheanta a mheasúnú.
- Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar chumas inmheánach an Bhoird chun an riosca a bhainistiú.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Bunaítear córas na rialuithe inmheánacha airgeadais ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus seiceálacha leanúnach diana a dhéanann an

fheidhm airgeadais. Áirítear air go sonrach:

- Córas cuimsitheach buiséid agus buiséad bliantúil a dhéanann na comhaltaí an Bhoird a athbhreithniú agus a cheadú.
- Teorainneacha údaraithe a shocrú d'íocaíochtaí amach chistí an Bhoird.
- Athbhreithniú rialta a dhéanann comhaltaí an Bhoird ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais thréimhsiúil agus bhliantúil (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le buiséid.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2013. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2017.

Ba é an bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an tIniúchóir Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, agus na bainisteoirí feidhmiúcháin san eagraíocht a raibh freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais.

Bhí meicníochtaí bunaithe chun leordhóthanacht shlándáil na gcóras Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, meicníochtaí lenar áiríodh beartais agus nósanna imeachta cuí rialaithe a bhunú.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus do na bainisteoirí freisin ar shlí thráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.

SOLÁTHAR

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Aibhsítear sa tábla thíos nithe maidir le rialuithe ar sholáthar.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

Deimhnímid gur sheol an Bord athbhreithniú ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

D'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh le cinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne cuideachta sheachtrach athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2017 agus rinne an Bord é a cheadú in 2018.

Tá dearbhú réasúnta faighte ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann go bhfuil éifeacht leis na córais rialaithe inmheánaigh a bunaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm i nDearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017.

CEISTEANNA A BHAINEANN LE RIALÚ INMHEÁNACH

NOCHTADH SONRAÍ MAIDIR LE CÁSANNA INAR SÁRAÍODH AN RIALÚ

<table>
<tr><th>Sonraí na sáruithe</th><th>Gníomhaíochtaí maolaithe</th></tr>
<tr><td>Soláthar:

In 2017, thabhaigh Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann caiteachas nár chomhlíon nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair phoiblí go hiomlán. Go sonrach:
a. Ní bhfuair Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann trí luacháil sular bronnadh conradh ar luach íseal in 2017.
b. D’fheidhmigh Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann athnuachan uathoibríoch i gcás conradh párolla ar feadh tréimhse 12 mhí.</td><td>Meabhraíodh don Ghrúpa Bainistíochta ag a gcruinniú i nDeireadh Fómhair 2016 a riachtanaí atá sé trí luacháil a fháil maidir le gach caiteachas os cionn €1k; rinneadh amhlaidh mar chuid den Bheartas leasaithe Ceannaithe agus Soláthair tar éis cheadú an Bhoird.

Déanfar seirbhísí párolla a sheachfhoinsiú trí thairiscintí iomaíocha nuair a bheidh an conradh reatha istigh.</td></tr>
<tr><td>Bainistíocht Cisteán:

Ceanglaíonn nósanna imeachta um rialú inmheánach Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann iarmhéideanna os cionn €1.2m i gcuntas reatha Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann a bheith aistrithe isteach sa chuntas taisce.

Níl sé sin á chur i bhfeidhm faoi láthair.</td><td>Tá i gceist ag Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas Bainistíochta Cisteán chun cleachtais reatha a léiriú.</td></tr>
<tr><td>CBL Aistáille

Dlitear CBL ar an Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann ar bhonn aistáillí. Fad a bhí sonraisc á bhféin-athbhreithniú ag Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann, aithníodh nach raibh Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann ag cur aistáillí i bhfeidhm i gceart ar CBL. Áirítear tearc-íocaíocht de €834,674 sa tréimhse 2015 go 2018 lena n-áirítear CBL agus ús mar atá leagtha amach thíos;

<table>
<tr><th></th><th>CBL
€</th><th>Ús
€</th><th>Iomlán
€</th></tr>
<tr><td>2015</td><td>26,124</td><td>8,415</td><td>34,539</td></tr>
<tr><td>2016</td><td>155,794</td><td>34,682</td><td>190,476</td></tr>
<tr><td>2017</td><td>340,821</td><td>46,008</td><td>386,829</td></tr>
<tr><td>2018</td><td>212,695</td><td>10,135</td><td>222,830</td></tr>
<tr><td></td><td>735,434</td><td>99,240</td><td>834,674</td></tr>
</table>
</td><td>Leasaíodh próisis inmheánach chun an seans go dtarlóidh sé arís a mhaolú agus tá Gnáthamh Caighdeánach Oibriúcháin nua i bhfeidhm.

Tá scéala curtha ag Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann chuig na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanfaidh sé nochtadh dá dheoin féin. Tá soláthar déanta ag Dearbhú Cáilíochta Agus Cáilíochtaí Éireann do na híocaíochtaí sna ráitis airgeadais mar seo a leanas:

1. Léireofar an CBL agus an t-ús a bhaineann le 2018 sa bhliain airgeadais sin.
2. Léireofar an CBL agus an t-ús a bhaineann le 2017 sa bhliain airgeadais sin.
3. Aithníodh an CBL agus an t-ús a bhain le blianta roimhe sin, arb ionann agus €286,741 é, mar choigeartú sa bhliain roimhe (féach nóta 27).</td></tr>
</table>

Sínithe thar ceann Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann:

Dáta: 21 Noll 2018	**Dáta: 21 Dec 2018**
Blake Hodkinson	**Padraig Walsh**
Comhalta den Bhord	**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta		Athluaite
		2017	2016
IONCAM		**€**	**€**
Deontas	**2**	4,344,000	3,380,000
Ioncam ó tháillí	**3**	5,118,148	5,326,831
Ioncam ó Thionscadail AE	**4**	563,494	609,143
Ioncam eile	**5**	66,635	231,323
Ús ar Thaiscí		111	217
		10,092,388	**9,547,514**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**19**	462,163	705,767
Glanchistiú iarchurtha Pinsean	**26(b)**	2,068,000	1,744,000
		12,622,551	**11,997,281**
CAITEACHAS			
Costais foirne	**6**	7,082,526	6,369,499
Costais chóiríochta	**9**	901,917	801,533
Costais an Bhoird	**7**	29,817	30,262
Seirbhísí Corparáideacha	**10**	518,892	600,409
Qualifax	**11**	10,742	10,842
Táillí agus costais painéil	**12**	438,724	374,508
Caiteachas ar Thionscadal EQAVET	**4(a)**	490,135	520,002
Costais an Riaracháin Lárnaigh	**13**	609,590	494,705
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	**14**	2,775,448	2,210,254
Dímheas	**15**	821,521	824,531
		13,679,312	**12,236,545**
(EASNAMH) DON TRÉIMHSE		**(1,056,761)**	**(239,264)**
Iarmhéid a iompraíodh isteach ar 1 Eanáir		**611,359**	850,623
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar 31 Eanáir		**(445,402)**	**611,359**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1-28. Baineann gach ioncam agus caiteachas sa bhliain le gníomhaíochtaí leantacha.

Blake Hodkinson
Comhalta den Bhord

Dáta: 21 Nollaig 2018

Padraig Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 21 Nollaig 2018

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta	2017	Athluaite 2016
		€	€
(EASNAMH) DON TRÉIMHSE AIRGEADAIS		**(1,056,761)**	**(239,264)**
Caillteanais / (gnóthachana) ó thaithí ar an scéim pinsin	**26(f)**	(863,000)	1,146,000
Athruithe ar thoimhdí is bonn le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		715,000	(4,074,000)
(Caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais pinsin		**(148,000)**	**(2,928,000)**
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin	**26(e)**	148,000	2,928,000
Ioncam iomlán cuimsitheach don bhliain		**(1,056,761)**	**(239,264)**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1-28.

Blake Hodkinson
Comhalta den Bhord

Dáta: 21 Nollaig 2018

Padraig Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 21 Nollaig 2018

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
AR AN 31 NOLLAIG 2017.

	Nóta	Amhail ar 31 Nollaig 2017 €	Athluaite ar an 31 Nollaig 2016 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Innealra agus Trealamh	**16**	1,683,931	2,146,094
SÓCMHANNÍ REATHA			
Infháltais	**17**	948,150	1,313,885
Airgead agus Coibhéisí Airgid		209,518	761,833
		1,157,668	2,075,718
CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA A DHLÍFEAR LAISTIGH DE BHLIAIN)			
Iníoctha	**18**	(1,443,070)	(1,198,358)
BARRACHAS NA NDLITEANAS REATHA AR NA SÓCMHAINNÍ REATHA		(285,402)	877,360
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		1,398,529	3,023,454
Soláthar le haghaidh Dliteanas agus Muirear	**24**	(160,000)	(266,000)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS ROIMH PHINSIN		1,238,529	2,757,454
Cistiú iarchurtha Pinsin	**26(d)**	41,349,000	39,133,000
Dliteanais Pinsin	**26(e)**	(41,349,000)	(39,133,000)
GLANSÓCMHAINNÍ		**1,238,529**	**2,757,454**
AG IONADÚ DO			
Cuntas Caipitil	**19**	1,683,931	2,146,094
Cúlchiste Ioncaim Forchoimeádta		(445,402)	611,359
		1,238,529	**2,757,454**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1-28.

Blake Hodkinson
Comhalta den Bhord

Dáta: 21 Nollaig 2018

Padraig Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 21 Nollaig 2018

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta	2017	Athluaite 2016
		€	€
Glansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh) don bhliain		(1,056,761)	(239,264)
Gluaiseacht sa chuntas caipitil	**19**	(462,163)	(705,767)
Dímheas	**15**	821,521	824,531
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		1,935	-
Laghdú ar infháltais	**17**	365,735	233,837
Méadú / (Laghdú) ar nithe iníoctha	**18**	244,713	(96,362)
(Laghdú) ar sholáthar	**24**	(106,000)	(134,000)
Ús bainc faighte		(111)	(217)
Glansreabhadh airgid amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**(191,131)**	**(117,242)**
RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID			
Glansreabhadh airgid amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(191,131)	(117,242)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíocht lenar ceannaíodh sócmhainní seasta	**16**	(361,295)	(118,764)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús bainc faighte		111	217
(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid		**(552,315)**	**(235,789)**
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		761,833	997,622
(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid		(552,315)	(235,789)
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		**209,518**	**761,833**

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus beartais shuntasacha cuntasaíochta a ghlac Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann . Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain

roimhe.

a) GINEARÁLTA

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Seo a leanas cuspóirí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann :

- Cáilíocht sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus a gcuid seirbhís taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú.
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a fhorbairt agus a chothabháil.
- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh.
- An pobal a chur ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna.
- Comhairle a chur ar an Aire i dtaca le beartas náisiúnta ar dhearbhú agus feabhsú cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna.

Maidir le heagraíochtaí múinte an Bhéarla (ELTOnna), déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Comhordú Seirbhísí Béarla (ACELS) a chreidiúnú. Is scéim dheonach náisiúnta é seo d'eagraíochtaí mhúineadh an Bhéarla agus is seirbhís neamhreachtúil den QQI é, a ngabhfaidh an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a háit ar ball. Foráiltear le haghaidh bhunú agus cur chun feidhme an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais (IEM) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Bhí tionchar ag cás Ard-Chúirte i Nollaig 2014 maidir le réimse beartais gaolmhar na rialachán idirnáisiúnta maidir le hinimirce mac léinn ar an sceideal a bhí ceaptha leis an IEM a chur i ngníomh. B'éigean scrúdú breise a dhéanamh ar Acht 2012, dá bharr, le cinntiú go bhfuil na boinn ar a dtabharfar an IEM isteach daingean a ndóthain. Mhol an tArd-Aighne i 2015 gur ghá an reachtaíocht a leasú chun éifeacht iomlán a thabhairt do thabhairt isteach slán an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais Tá Scéim Ghinearálta an *Bhille um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Leasú)* á hullmhú faoi láthair sa Roinn Oideachais agus Scileanna, arb é a chuspóir díriú ar fhadhbanna a choisceann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann óna fhreagrachtaí ceaptha a chomhlíonadh.

b) RÁITEAS AR CHOMHLÍONADH

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna n-eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) AN BONN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear mar luacha córa, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais in Euro, arb é sin airgeadra feidhmiúil Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann . Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann .

d) IONCAM

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin air seo is ea an Deontas Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

e) IONCAM Ó THÁILLÍ

Is ionann ioncam a thaispeántar sna ráitis airgeadais faoi Ioncam ó Tháillí agus méideanna a sonrascaíodh do thríú páirtithe sa ghnáthchúrsa gnó.

f) FORBAIRT BOGEARRAÍ

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais ar mhíreanna caipitil agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré ionchais ó dháta a gcur chun feidhme.

g) RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH

Luaitear maoin, innealra agus trealamh ag costas lúide costas aon dímheasa charnaigh, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchais eacnamaíoch, mar seo a leanas:

Foirgnimh Léasa (Lána Denzille)	Thar théarma léasa 21 bliain
Áitreabh Léasach (Páirc Ghnó na Rinne Thoir)	5.25%
CBL caipitlithe ar an léas	Thar théarma léasa 21 bliain
Crua-earraí Ríomhaireachta	33.33%
Bogearraí Ríomhaireachta	12.5%
Trealamh Oifige	20%
Troscán Oifige	10%
Daingneáin, Feisteas & Teileafón (Gníomhaireachtaí Oidhreachta)	10%

g) RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH (AR LEANÚINT)

Breithnítear gach bliain luach iarmharach agus saolré ionchais na sócmhainní seasta ar thóir táscairí a léireodh athrú orthu. I gcás ina mbíonn táscairí dá sórt ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, modh dímheasa agus saolré ionchais, agus leasófar iad más gá. Cuirtear athruithe ar rátaí dímheasa ag éirí as an athbhreithniú seo san áireamh go hionchasach thar shaolré ionchais fanta na sócmhainní.

h) DEONTAIS CHAIPITIL

Aithnítear deontais chaipitil a fhaigheann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar dhliteanas agus scaoiltear isteach in ioncam iad thar shaolré ionchais na sócmhainní lena mbaineann.

i) AIRGEAD AGUS CÓIBHÉISÍ AIRGID

Is éard atá i gceist le hairgead airgead ar láimh agus taiscí éilimh.

j) AIRGEADRAÍ IASACHTA

Déantar idirbhearta a éiríonn in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conarthaí réamhcheannacháin nuair is ann do chonarthaí den sórt sin.

k) SOCHAIR D'FHOSTAITHE

Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear ar fhigiúr na Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair a charntar ag deireadh bliana.

Sochair Scoir
Tá scéim pinsin sochair shainithe ranníocaíochtaí i bhfeidhm ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann , a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne. Anuas air sin, oibríonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus dliteanais ar dhliteanais scéim sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn na ráitis airgead, ag luach cóir, sócmhainní agus dliteanas ag éirí as oibleagáidí pinsin Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear iontu an costas a ghabh le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina ndearna fostaithe iad a thuilleamh. Tomhaistear dliteanais pinsin ar bhonn achtúireach leis an modh aonaid réamh-mheasta.

l) INFHÁLTAIS

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiachas amhrasta. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiachas amhrasta, agus bunaítear é i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiachas amhrasta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Coimeádta Ioncaim.

m) DLITEANAIS AIRGEADAIS EILE

Tomhaistear creidiúnaithe trádála ar luach an tsonraisc, ach amháin má chuirtear an íocaíocht ar aghaidh lastall de na gnáth-théarmaí gnó nó ina bhfuil sé á mhaoiniú ag ráta úis nach é an ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann agus socrú agus idirbheart airgeadais, agus tomhaistear an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí lascainithe ag an ráta margaidh úis d'ionstraim fiachais den sórt céanna.

n) LÉASAÍ OIBRIÚCHÁIN

Aithnítear caiteachas ar chíos faoi léasaí oibriúcháin sa Ráiteas Caiteachais agus Ioncaim agus sna Cúlchistí Coimeádta Ioncaim thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás méaduithe ar chíos atá nasctha leis an ráta ionchais boilscithe; sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

o) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHRITICIÚLA CUNTASAÍOCHTA

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, is gá don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéánamh a dhéanann difear do na méideanna a tuairiscíodh do shócmhainní agus do dhliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh d'fháltais agus do chostais i gcaitheamh na bliana. Ach ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir nach ionann na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír. Seo a leanas na meastacháin is mó a raibh tionchar acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

I. Saolréanna maidir le dímheas réadmhaoine, innealra agus trealaimh a bhunú

Cuid shuntasach de na sócmhainní iomlána is ea na sócmhainní fadsaoil, comhdhéanta de mhaoin, innealra agus trealamh. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin de na luachanna iarmharacha. Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann athbhreithniú rialta ar shaolré na sócmhainní seo agus athraítear iad de réir mar is gá chun léiriú a thabhairt ar na tuairimí reatha ar an tsaolré atá fanta i bhfianaise an úsáid eacnamaíoch a mheastar a bhainfear astu agus staid fhisiciúil na sócmhainní i dtrácht. Is féidir go mbeidh tionchar suntasach ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar mhuirir dhímheasa sa tréimhse. Áirítear sonraí na saolréanna ionchais sna beartais chuntasaíochta.

II. Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid reatha dlíthiúil nó cuiditheach ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann de bharr imeachtaí san am atá caite; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas ar shlí iontaofa.

III. Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, ag éirí as imeachtaí san am atá caite, nuair (i) nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní nó gur féidir an méid a thomhas ar shlí iontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar cibé an bhfuil sé ann nó nach bhfuil le himeachtaí éiginnte todhchaí a tharlóidh nó nach dtarlóidh, imeachtaí nach bhfuil go hiomlán faoi smacht Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann . Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin más
éadócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní.

Ní dhéantar soláthar le haghaidh sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

2.	**DEONTAS**	**2017** **€**	**2016** **€**
	Deontas i leith Riarachán - An Roinn Oideachais agus Scileanna - Vóta 26: Fo-mhírcheann B.6		
	Pá	2,613,280	2,400,000
	Neamhphá	1,730,720	3,000,000
	Leithdháileadh deontais nár tarraingíodh anuas	-	(2,020,000)
		4,344,000	**3,380,000**

3.	**IONCAM Ó THÁILLÍ**	**2017** **€**	**2016** **€**
	Táillí dámhachtana	3,700,005	4,049,074
	ACELS	144,488	177,895
	Taifead ar Dhámhachtainí / Páir Dhúbailte	17,655	25,928
	Táillí Bailíochtaithe	380,000	197,934
	Táillí Caidrimh	876,000	876,000
		5,118,148	**5,326,831**

TÁILLÍ DÁMHACHTANA

Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an t-údarás náisiúnta dámhachtana le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe arna reáchtáil ag coláiste aitheanta breisoideachais agus ardoideachais. Tá sceideal táillí ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus bailíonn na coláistí cuí breisoideachais agus ardoideachais táillí ó iarrthóirí agus íoctar iad leis Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann . Tá critéir áirithe ann faoina ndíolmhaítear íocaíochtaí de tháillí, lena n-áirítear do shealbhóirí cártaí leighis, mic léinn Youthreach nó VTOS agus iarrthóirí ar dhámhachtainí Leibhéil 1 go 3 den CNC.

CREIDIÚNÚ AGUS COMHORDÚ SEIRBHÍSÍ BÉARLA (ACELS)

Is cuideachta náisiúnta é ACELS, atá freagrach as scéim chigireachta/aitheantais d'eagraíochtaí mhúineadh an Bhéarla ar fud na tíre a fhorbairt agus a bhainistiú. Tá gach eagraíocht dá sórt liostaithe ar shuíomh gréasáin ACELS. Is gá do na heagraíochtaí sin táille bhliantúil um athnuachan aitheantais a íoc, a bhraitheann ar líon na n-ionad atá i bhfeidhm. Gearrtar táillí, leis, as cigireacht a dhéanamh ar ionaid nua agus as cigireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar na hionaid atá anois ann.

TÁILLÍ BAILÍOCHTAITHE

Is é bailíochtú an próiseas um dhearbhú cáilíochtaí trína measann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann cláir féachaint an gcomhlíonann siad caighdeáin riachtanacha na dámhachtana atá á tairiscint. Is féidir dearbhú a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, ansin, go gcomhlíonann an clár a gcuid riachtanas. Íocann soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais táillí don tseirbhís seo. Cinntear an táille is infheidhme beag beann ar an leanann mórdhámhachtain nó miondámhachtain as an gclár nó ar luach creidiúna na dámhachtana.

TÁILLÍ CAIDRIMH

Gearrtar táillí caidrimh ar ollscoileanna poiblí agus institiúidí teicneolaíochta as seirbhísí a chuireann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar fáil, ar nós seirbhísí um dhearbhú cáilíochta. Faoi Alt 80 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 is gá ceadú a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil chun táillí den sórt sin a ghearradh. Fuarthas ceadú i nDeireadh Fómhair 2013 agus cuireadh tús le táillí a bhailiú i 2014. Fuarthas ceadú an Aire i Lúnasa 2016 chun na táillí a ghearrtar a athchumrú.

4. IONCAM Ó THIONSCADAIL AE	**2017** **€**	**2016** **€**
QQI don Ionad Náisiúnta Europass.	44,396	25,088
EQF - NCP	41,553	39,520
EQAVET	472,731	506,637
Tionscadal IQAVET	2,814	37,898
Tionscadal EQAREP	2,000	-
	563,494	**609,143**

AN tIONAD NÁISIÚNTA EUROPASS

Is tionscnamh AE é an tIonad Náisiúnta Europass trína bhféachtar le cabhrú le daoine a gcuid scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh sothuigthe san Eoraip chun soghluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe a éascú. Bunaíodh líonra d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh seo a chomhordú. Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an tIonad Náisiúnta Europass ainmnithe in Éirinn. Ba é €92,892 an caiteachas a thabhaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i dtaca le Europass (2016: €117,531) agus mhaoinigh an tAontas Eorpach €44,396 de sin (2016: €58,766).

EQF - NCP

Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Pointe Náisiúnta Comhordaithe an Chreata Eorpaigh Cáilíochtaí (EQF) in Éirinn. I gceist anseo tá rannpháirtíocht i bhforbairt an EQF agus an bheartais ghaolmhaire ar leibhéal Eorpach agus cur chun feidhme bheartas an EQF ar an leibhéal náisiúnta. Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann iarratas bliantúil ar chúnamh airgeadais chun bearta aontaithe a chur chun feidhme mar EQF-NCP faoi Chlár Oideachais Erasmus+, Clár Oideachais an AE.

EQAVET

Bhronn an Coimisiún Eorpach an conradh do Rúnaíocht Dhearbhú Cáilíochta na hEorpa sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (EQAVET) ar FETAC, tar éis comórtas tairiscintí, agus cuireadh tús leis an obair ar na treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta Eorpach a chur i ngníomh i 2010. Conradh trí bliana ab ea an conradh bunaidh agus athnuadh é ó shin. Cuireadh tús leis an gconradh reatha an 1 Eanáir 2016 do thréimhse thosaigh dhá bhliain a d'fhéadfaí a shíniú go ceann dhá bhliain eile. Ghabh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann feidhmeanna FETAC air féin.

TIONSCADAL IQAVET

Is é IQAVET an líonra cleachtóirí Éireannach do dhearbhú cáilíochta sa ghairmoideachas agus oiliúint agus tá sé lonnaithe sa Phointe Náisiúnta Tagartha do EQAVET in QQI. Gné thábhachtach den tionscadal is ea prionsabail agus táscairí EQAVET a chur chun cinn agus leas a bhaint astu chun cur le cáilíocht sna Boird Oideachais agus Oiliúna agus i soláthar gairmoideachais agus oiliúna eile. Fuair an tionscadal cistiú Erasmus+ agus cuireadh tús leis an ngníomhaíocht in Aibreán 2016, arna éascú ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann trí Fhóram um Dhearbhú Cáilíochta an ETBI agus an tSeirbhís Tacaíochta Breisoideachais.

TIONSCADAL EQAREP

Ba é príomhchuspóir thionscadal Ardoideachais na hEorpa trí Thuairiscí Poiblí um Dhearbhú Cáilíochta treoirlínte a fhorbairt do thuairiscí seachtracha ar Dhearbhú Cáilíochta. Comhpháirtithe sa tionscadal seo ab ea Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus rinne sé suirbhéanna agus anailís ar thuairiscí.

		2017	Athluaite 2016
4(a)	**IONCAM Ó THIONSCADAIL EQAVET**	**€**	**€**
	Coimisiún	472,731	506,637
	CAITEACHAS AR THIONSCADAL EQAVET		
	Tuarastail agus pá	153,871	191,707
	Cláir	336,264	328,295
		490,135	**520,002**

(b)		2017	Athluaite 2016
		€	**€**
	Admhálacha ón gCoimisiún AE agus ballstáit rannpháirtíochta	472,731	506,637
	Ioncam leithdháilte chun caiteachas a chlúdach	(490,135)	(520,002)
	Cuidiú Aitheanta (ó)/go QQI ag deireadh na tréimhse	**(17,404)**	**(13,365)**

		2017	2016
5.	**IONCAM EILE**	**€**	**€**
	Ús faoin Acht um Íoc Pras Cuntas	1,247	1,567
	Ioncam Cíosa ón Rinn Thoir	-	121,277
	Muirear Seirbhíse na Rinne Thoir Athmhuireartha	15,250	93,711
	An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	16,000	-
	Erasmus+	21,965	-
	Ioncam eile	12,173	14,768
		66,635	**231,323**

		Nóta	2017	2016
6.	**COSTAIS FOIRNE**		**€**	**€**
	Tuarastail agus pá		3,855,416	3,849,016
	Ranníocaíocht na bhFostaithe le Coimirce Shóisialach		360,329	357,150
	Costais Forbartha Foirne		84,375	59,993
	Taisteal agus Cothabháil Intíre		36,306	31,635
	Taisteal agus Cothabháil Eachtrach		36,868	70,944
	Costais sochair scoir	**26(c)**	2,571,533	1,972,581
	Iasacht		43,619	**-**
	Cúnamh Oideachais		-	8,575
	Fáilteachas		14,167	4,727
	Costais Earcaíochta		79,913	14,878
			7,082,526	**6,369,499**

Seach-chuireadh costais chomhlána tuarastail de €4,782,636 (2016: €4,786,721) le haisíocaíochtaí de €460,891 (2016: €446,555) i dtaca le comhaltaí d'fhoireann Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí a bhí ath-imlonnaithe trí shocruithe iasachtaithe chuig an gCumann Teicneolaíochta Ardoideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Seach-chuireadh costais 2017 tuilleadh le heisiúint soláthair de €106,000 (2016: €134,000). Asbhaineadh €229,207 (2016: €234,857) de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na tréimhse. €5,366 (2016: €2,616) de ranníocaíochtaí pinsin maidir leis an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tréimhse.

Ba é 82 meánlíon na bhfostaithe i gcaitheamh na bliana. (2016:77). Bhí 76 fostaí coibhéis lánaimseartha fostaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ag deireadh 2017. (2016:76). Níor íocadh aon ragobair nó liúntas sa tréimhse. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceannta sa tréimhse.

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

Raon sochar iomlán na bhfostaithe			**Líon na bhfostaithe**	
Ó		**Go**	**2017**	**2016**
€60,000	-	€69,999	1	2
€70,000	-	€79,999	3	4
€80,000	-	€89,999	-	1
€90,000	-	€99,999	11	14
€100,000	-	€109,999	2	-
€110,000	-	€119,999	-	-
€120,000	-	€129,999	-	-
€130,000	-	€139,999	1	1

Chun cuspóirí an nochta seo, áirítear tuarastal ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Níor íoc Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ragobair ná liúntas sa tréimhse.

PRÍOMHBHAINISTEOIRÍ
Is iad príomhbhainisteoirí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann comhaltaí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí na foirne bainistíochta feidhmiúcháin. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar d'fhostaithe príomhbhainisteoireachta.

	2017	**2016**
	€	**€**
Príomhbhainisteoirí	670,536	727,521

7. COSTAIS AN BHOIRD	2017 €	2016 €
Costais Oiliúna an Bhoird	810	-
	810	-
Comhaltaí an Bhoird – Taisteal agus Cothabháil		
Taisteal Intíre	9,264	4,039
Taisteal Iasachta	7,071	7,431
Cothabháil /Béilí	5,297	2,268
Cóiríocht	1,509	3,830
	23,141	17,568
Cruinnithe coiste, taisteal agus cothabháil	5,866	5,094
Oiliúint agus forbairt an choiste	-	7,600
	5,866	12,694
	29,817	**30,262**

Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2018.

8. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	2017 €	2016 €
Buntuarastal sa tréimhse	138,695	136,276
Costas iomlán phacáiste iomlán luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	138,695	136,276

Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bPríomhfheidhmeannach sa tréimhse sin.

Ní ghabhann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireacha na hearnála poiblí.

Bhí €2,780 de chostais deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach i dtaca le Taisteal & Cothabháil (2016: €1,032).

		2017	2016
9.	**COSTAIS CHÓIRÍOCHTA**	**€**	**€**
	Cíos		
	- Lána Denzille	367,500	367,500
	- An Rinn Thoir (Bloc P4B)	168,751	405,000
	- Sráid an Mhóta Íocht	77,260	77,260
	- Táille Cheadúnais Shráid an Mhóta Íocht	81,812	61,500
	- Soláthar do Léas Trom	(168,751)	(391,648)
	Táillí Seirbhíse	68,951	123,617
	Slándáil	2,852	3,511
	Árachas	18,624	14,810
	Solas agus Teas	29,262	35,580
	Glanadh	39,547	46,002
	Rátaí	250	26,568
	Deisiúcháin agus Cothabháil	15,859	31,833
	Foirceannadh Thionóntacht Léasa	200,000	-
		901,917	**801,533**

Tagraíonn foirceannadh na tionóntachta léasa d'aistriú an léasa ar son Pháirc Ghnó na Rinne Thoir i mBealtaine 2017. Áirítear costais trochlaithe sa chostas sin.

		2017	Athluaite 2016
10.	**SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**	**€**	**€**
	Airgeadas agus Tacaíocht Párolla, Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach*	288,177	210,633
	Táillí Iniúchóireachta	21,000	23,996
	Costais Dlí	54,827	39,429
	Cur chun cinn agus Feasacht Bhranda	150,284	319,290
	Teangacha agus aistriúchán	3,152	7,061
	Sláinte agus Sábháilteacht	1,452	-
		518,892	**600,409**

Tá iarratas déanta ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar roinnt ról airgeadais agus táthar ag feitheamh ar cheadú maidir leo. Seach-fhoinsíodh na poist seo in 2017 san idirthréimhse fad a bhíothas ag feitheamh ar cheadú agus ar earcaíocht.

11. QUALIFAX

Soláthraíonn Qualifax faisnéis chuimsitheach ar bhreisoideachas agus ardoideachas mar aon le faisnéis is gá chun roghanna eolacha a dhéanamh faoi chúrsaí oideachais, oiliúna agus gairme.

12. TÁILLÍ PAINÉIL AGUS COSTAIS TAISTIL	2017 €	Athluaite 2016 €
Seirbhísí Cáilíochtaí	35,774	34,285
Seirbhís um Dhearbhú Cáilíochta	312,723	283,867
Páir	35,870	49,156
Taighde PARN	24,770	7,200
Taighde eile		-
- European Qualifications Framework	6,827	-
- Taighde ar Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré BO	5,600	-
- Treochtaí agus Forbairt i gCáilíocht BO	17,160	-
	438,724	**374,508**

13. COSTAIS AN RIARACHÁIN LÁRNAIGH	2017 €	Athluaite 2016 €
Teileafón – Líne Thalún	16,523	17,143
Teileafón – Fóin phóca	17,983	17,758
Postas agus Cúiréir	25,921	39,302
Páipéarachas agus Stóras	29,227	26,007
Seimineáir agus Comhdhálacha	19,671	62,082
Leabharlann agus Tréimhseacháin	7,077	4,905
Síntiúis	40,596	32,657
Foilseacháin	109,475	111,084
Ceaintín	14,406	13,819
Siamsaíocht	964	-
Costais Cruinnithe agus Imeachtaí	165,457	89,647
Léas/Fruiliú Trealamh Oifige	5,691	1,752
Gnáthchostais Oifige	5,343	7,649
Muirir Bhainc	2,802	2,543
Fótachóipeáil	18,875	19,398
Drochfhiacha	3,912	5,862
Urraíochtaí agus Bronntanais	18,700	-
Acmhainní Daonna Ilghnéitheacha (lena n-áirítear tionscadal bainistithe ar athrú)	59,022	-
Ús ar Íoc Déanach CBL	46,008	43,097
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	1,937	-
	609,590	**494,705**

		2017	Athluaite 2016
14.	**TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE**	**€**	**€**
	Cothabháil agus Tacaíocht do Bhogearraí TF	195,266	287,963
	Caiteachas ar Bhogearraí TF/Ceadúnú (Faoi €1,000)	10,803	65,634
	Seirbhísí Gréasáin TF*	3,368	15,800
	Comhláithreacha/Óstáil TF*	71,330	125,312
	Soláthairtí Crua-earraí Ríomhaireachta TF (Faoi €1,000)	22,265	6,581
	Conraitheoirí Soláthar Bogearraí*	794,908	1,353,378
	Seirbhísí Bainistithe	1,649,873	354,148
	Tacaíocht agus Cothabháil Crua-earraí TF	13,348	1,438
	Iniúchadh Slándála TF	14,287	-
		2,775,448	**2,210,254**

*Tugann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann teacht ar a chóras QBS do bhreis is 700 sealbhóir cuntais soláthraí a mbíonn caidreamh acu leis i dtaca le haighneachtaí le haghaidh seirbhísí dámhachtainí agus deimhnithe, trína bhfaightear teacht ar fhaisnéis chothrom le dáta agus trína gcuirtear ceisteanna isteach trí chóras Bainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí (CRM).

		2017	2016
15.	**DÍMHEAS**	**€**	**€**
	Dímheas Trealamh Oifige	20,746	26,809
	Dímheas Crua-earraí TF	52,012	90,208
	Dímheas Dhaingneáin agus Feisteas Oifige	29,105	18,071
	Dímheas Léasachta Foirgnimh	26,249	26,250
	Dímheas Bogearraí TF	586,239	555,728
	Dímheas Costais Feistithe	107,171	107,465
		821,521	**824,531**

16. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Réadmhaoin Léasachta	Costais Feistiú	Troscán Oifige	Trealamh Oifige	TF Crua-earraí	TF Bogearraí	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€
Costas							
Ar 1 Eanáir 2017	2,487,710	1,071,708	568,074	253,988	906,588	4,420,502	9,708,570
Breiseanna	-	-	79,525	4,384	7,976	269,411	361,295
Diúscairtí	-	-	10,788	69,302	28,461	-	108,551
Ar 31 Nollaig 2017	2,487,710	1,071,708	636,811	189,070	886,103	4,689,913	9,961,314
Dímheas							
Ar 1 Eanáir 2017	2,406,694	441,681	431,115	214,879	839,409	3,228,698	7,562,476
Muirear don bhliain	26,249	107,171	29,105	20,746	52,012	586,239	821,521
Diúscairtí	-	-	8,851	69,302	28,461	-	106,614
Ar 31 Nollaig 2017	2,432,943	548,852	451,369	166,323	862,960	3,814,937	8,277,383
Glanluach na leabhar							
Ar 31 Nollaig 2017	**54,767**	**522,856**	**185,442**	**22,747**	**23,143**	**874,976**	**1,683,931**
Ar 31 Nollaig 2016	**81,016**	**630,027**	**136,959**	**39,109**	**67,179**	**1,191,804**	**2,146,094**

17. INFHÁLTAIS	Amhail ar 31 Nollaig 2017 €	Amhail ar 31 Nollaig 2016 €
Féichiúnaithe	272,832	849,976
Réamhíocaíochtaí	104,452	180,892
Ioncam fabhraithe	466,158	111,387
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí EQAVET	-	39,847
Infháltais Deontais AE	104,708	131,783
	948,150	**1,313,885**

Is ionann nach mór luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí agus a suimeanna glanluacha. Beidh gach creidiúnaí dlite laistigh de bhliain. Taispeántar féichiúnaithe glan ar laghdú maidir le fiachas amhrasta.

18. NITHE INÍOCTHA	Amhail ar 31 Nollaig 2017 €	Athluaite ar an 31 Nollaig 2016 €
Creidiúnaithe	26,837	49,876
Fabhruithe	623,061	721,636
ÍMAT/ÁSPC	129,454	126,786
Asbhaintí párolla	217	3,483
Cáin Shiarchoinneála Seirbhísí Gairmiúla	17,709	16,721
Cáin Bhreisluacha	526,186	183,159
Ús ar Íoc Déanach CBL	89,105	43,097
Ioncam Iarchurtha	30,501	53,600
	1,443,070	**1,198,358**

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta lena mbaineann. Fabhraíonn ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag dáta dheireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha. Is méideanna neamhurraithe, saor ar ús agus iníoctha ar éileamh iad méideanna eile atá san áireamh laistigh de chreidiúnaithe ach bhfuil nach clúdaithe i nochtuithe sain-nóta.

19. CUNTAS CAIPITIL	Amhail ar 31 Nollaig 2017 €	Amhail ar 31 Nollaig 2016 €
Iarmhéid ag tús na tréimhse	2,146,094	2,851,861
Deontas lenar ceannaíodh sócmhainní seasta	361,295	118,764
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(821,521)	(824,531)
Diúscairt sócmhainní reatha	(1,937)	-
Scaoilte go dtí an cuntas ioncaim agus caiteachais	(462,163)	(705,767)
Iarmhéid ag deireadh na tréimhse	**1,683,931**	**2,146,094**

De réir an bheartais chuntasaíochta, aithnítear deontais rialtais bunaithe ar an tsamhail fabhruithe. Aithnítear na deontais seo, chun maoin, innealra agus trealamh a cheannach, thar shaolré ionchais na sócmhainní. Ní bhíonn aon choinníoll nó teagmhas neamhchomhlíonta ag gabháil leis na deontais seo.

20. LÉAS OIBRIÚCHÁIN

Lána Denzille
Tá gealltanais ag an Údarás atá iníoctha suas go dtí an bhliain 2023 i dtaca le léas 21 bhliain le haghaidh cóiríocht oifige ag 26-27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2. Déantar athbhreithniú cíosa gach 6 bliana agus is é €367,500 sa bhliain an cíos reatha. (2016: €367,500) sa bhliain.

Páirc Ghnó na Rinne Thoir
Tá léas suas go dtí an bhliain 2027 ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann , le clásal scoir a bhí éifeachtach i 2017, maidir le cóiríocht oifige ag Páirc Ghnó na Rinne Thoir, BÁC 3. Is é €405,000 costas bliantúil An léasa seo (gan muirir sheirbhíse san áireamh) ag éirí as 3% de mhéadú in athbhreithniú cíosa a tháinig i bhfeidhm i Meitheamh 2008.

Le linn 2011, chinn Bord Eatramhach Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (ag éirí as an bpleanáil a rinneadh maidir le cónascadh na dtrí ghníomhaireacht) an ghníomhaireacht nua, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann , agus a fhoireann a lonnú i Lána Denzille (áitreabh HETAC, mar a bhí) agus i bhfo-theach ag Sráid an Mhóta (iar-áitreabh Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann). Chinn an Bord, an uair sin, leis, an clásal scoir sa léas maidir le Páirc Ghnó na Rinne Thoir a fheidhmiú i mBealtaine 2017.

Bhí FETAC (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann anois) tar éis dul isteach i gcomhaontú ar phraghas an mhargaidh maidir leis an áitreabh seo, comhaontú a tháinig i bhfeidhm i Lúnasa 2012 go ceann Bealtaine 2017. Is ionann agus €121,177 sa bhliain an t-ioncam cíosa ón gcomhaontú fo-léasa. Déantar costas na muirear seirbhíse faoin léas a athmhuirearú ina n-iomláine.

Ag éirí as cinneadh an Bhoird Eatramhaigh chun an clásal scoir sa léas maidir le Páirc Ghnó na Rinne Thoir a fheidhmiú i mBealtaine 2017, rinne Bord Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann soláthar dochraideach léasa maidir leis an nglanchíos a bheidh íníoctha ar an áitreabh sa tréimhse go 2017. Díscaoileadh €168,751 d'iarmhéid an tsoláthair in 2017.

Tar éis cinneadh a dhéanamh an léas a fhoirceannadh, níl aon cheangaltas léasa eile ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maidir le Páirc Ghnó na Rinne Thoir.

Sráid an Mhóta Íocht
Ó bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i Samhain 2012, bhí an bunurlár de Shráid an Mhóta ar cíos aige ó Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) agus ba thionóntaí iad an Bord Cáilíochta de Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA).

An 5 Feabhra 2016, baineadh an IUQB go deonach de Chlár na gCuideachtaí agus sa tréimhse díreach roimhe sin, bhí comhráite ann idir Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus an IUA agus leis an bpríomhthiarna talún d'fhonn an léas a aistriú chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann . Shínigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus an IUA doiciméid dlí sannta i 2015. Is é €77,260 an cíos bliantúil reatha. €61,500 an táille reatha ceadúnais. (2016: €61,500)

Ar 31 Nollaig 2016 bhí na híos-íocaíochtaí léasa todhchaí seo ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann faoi léasaí oibriúcháin neamh-inchealaithe i gcás gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	€
Iníoctha laistigh de bhliain	506,260
Iníoctha idir dhá bhliain agus cúig bliana	2,025,040
Iníoctha tar éis cúig bliana	436,880
	2,968,180

B'ionann agus €695,323 íocaíochtaí léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas (2016: €911,260).

21. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ag 31 Nollaig 2017

22. CÁIN CHORPARÁIDE

Ní dhlítear cáin chorparáide ar Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann .

23. NOCHTUITHE PÁIRTÍ GAOLMHARA

Ghlac Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna a nochtfadh comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbheart ann maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas tairbheach ag comhalta ar bith.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí an Bhoird príomhbhainisteoirí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. B'ionann agus €451,836 an cúiteamh iomlán a íocadh leis na príomhbhainisteoirí, lena n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán (2016: €581,955).

24. SOLÁTHAR

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 scoireadh Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC) le héifeacht ón 5 Samhain 2012. Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí HETAC agus FETAC chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann de réir an Achta.

Rinne iarphinsinéir ó FETAC (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann anois) éileamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh chinneadh an Údaráis maidir le sochair scoir a dhámhachtain. Socraíodh an cás in 2017 agus táthar ag feitheamh ar chinneadh maidir le costais dlí incháinithe. Tá €40,000 curtha i leataobh ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar feitheamh ar an gcinneadh sin. Tá trí chás eile maidir le pinsinéirí FETAC agus QQI ar feitheamh agus tá €40,000 curtha i leataobh ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i ngach ceann de na trí chás sin.

25. DLITEANAS TEAGMHASACH

Mar a leagadh amach sa ráiteas ar rialú inmheánach, sheol Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann athbhreithniú ar chomhlíontacht cánach agus aithníodh CBL neamhíoctha agus nithe gaolmhara. Níl aon soláthar déanta ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann d'aon phionós a d'fhéadfaí a ghearradh. Ní dhearnadh aon soláthar maidir le haon mhéideanna breise a d'fhéadfadh a bheith iníoctha leis an dliteanas leis na Coimisinéirí Ioncaim a shocrú.

26. COSTAIS PINSIN

a. SCÉIM PINSIN SOCHAIR SHAINITHE

Oibríonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe. Oibríonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013.de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Foráiltear sa scéim le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin ó thús deireadh na gairme agus do phinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 66 an aois íosta pinsin (ag méadú ar aon dul le hathruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear air áis luathscoir le laghdú achtúireach ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc ar aon dul le hinnéacs praghais an tomhaltóra.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun dliteanais na scéime ag 31 Nollaig 2017 a mheas. Is iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

	2017 %	2016 %
Ráta lascaine	2.0%	1.80%
Toimhdí maidir le méadú ar thuarastal	3.3%	3.20%
Toimhdí maidir le méadú ar phinsin	2.8%	2.70%
Boilsciú praghais	1.8%	1.70%

b. GLANCHISTIÚ IARCHURTHA SA BHLIAIN LE HAGHAIDH PINSEAN

	2017 €	2016 €
Cistiú inghnóthaithe i dtaca le costais pinsin na bliana reatha	2,954,000	2,369,000
Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc	(886,000)	(625,000)
	2,068,000	1,744,000

c. ANAILÍS AR CHOSTAIS IOMLÁNA PINSIN A GEARRADH AR CHAITEACHAS

	2017 €	2016 €
Costas reatha seirbhíse	2,242,000	1,531,000
Ús ar dhliteanais na Scéime Pinsin	712,000	838,000
Ranníocaíochtaí aoisliúntas fostaithe a coinníodh	(382,467)	(396,419)
	2,571,533	1,972,581

d. SÓCMHAINN MAOINITHE IARCHURTHA LE HAGHAIDH PINSEAN

Aithníonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann méideanna atá le híoc ag an Stát maidir le dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe i gcás pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá caite. Áirítear ar na himeachtaí sin tacú reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na measchán bliantúil. Bíodh is nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus mar sin níl aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna áirithe seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, níl aon fhianaise ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nach leanfaidh an beartas maoinithe seo den mhéid seo a chlúdach go leanúnach, ar aon dul leis an gcleachtas reatha.

Ba é é €41,349,000 an tsócmhainn iarchurtha pinsin amhail ag 31 Nollaig (2016. €39,133,000).

e. GLUAISEACHT I NGLANDLITEANAS PINSIN SA TRÉIMHSE AIRGEADAIS

	Amhail ar 31 Nollaig 2017 €	Amhail ar 31 Nollaig 2016 €
Glandliteanas pinsin ag 1 Eanáir	39,133,000	34,461,000
Costas reatha seirbhíse	2,242,000	1,531,000
Costais úis	712,000	838,000
Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach	148,000	2,928,000
Pinsin a íocadh sa bhliain	(886,000)	(625,000)
Glandliteanas pinsin ag 31 Eanáir	41,349,000	39,133,000

f. STAIR NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS Ó THAITHÍ

	2017 €	2016 €
Oibleagáidí sochair shainithe	41,349,000	39,133,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais Méid (€)	863,000	(1,146,000)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	2%	3.0%

27. COIGEARTÚ DON BHLIAIN ROIMHE

Réiteach na gcúlchistí mar a luadh cheana	Ar 1 Eanáir 2016 €	Ar an 31 Nollaig 2016 €
Cúlchistí ioncaim mar a luadh cheana	885,162	836,374
CBL agus ús aistáille	(34,539)	(225,015)
Cúlchistí (mar a athluadh iad)	**850,623**	**611,359**

Ráiteas ar an mbarrachas don bhliain	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 €
(Easnamh) don bhliain mar a luadh cheana	(48,788)
CBL agus ús neamhíoctha 2016	(190,476)
(Easnamh) don bhliain mar a luadh cheana	**(239,264)**

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach aithníodh i bhféin-athbhreithniú ar chomhlíonadh cánach in 2018 dliteanais bhreise cánach agus úis arb ionann iad agus €225,015 (€181,918 de cháin agus €43,097 d'ús) maidir le blianta roimhe sin. Bhain €34,539 le 2015 agus €190,476 le 2016.

28. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh Bord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann na ráitis airgeadais ag a chruinniú den 21 Nollaig 2018.